

# *Bliainiris na Scéime*

2012-2013



## *Coinní Chéad Aithne*



Bhí mé ag súil go mór le mo dháta agus ní hé sin díreach toisc go raibh ocras orm...

*Leathanach 3*

## *Lá Tipiciúil ar an Scéim*



Buaileann d'aláram Bhí tú amuigh aréir sa Chonradh. Nó i gCoppers. Níl tú ro-chinnte...

*Leathanach 3*

## *"Trinity Jailbreak"*



Beidh mé ag éalú chomh fada agus is féidir ón gColáiste: gan mo chuid airgid féin a chaitheamh...

*Leathanach 6*

## *Agony Aunt na Scéime*



'Is maith liom buachaill, ach níl Gaeilge aige, an bhfuil seans ag an ngaol oibriú amach, ar chor ar bith?'

*Leathanach 12*

# Fáilte Isteach

## Clár Abhár

- **Réamhrá**  
Aonghus Dwane - *Leathanach 2*
- **Píosa Ón Méantóir**  
Joey Irwin - *Leathanach 2*
- **Lá Tipiciúil ar an Scéim**  
Fionn Ó Déa - *Leathanach 3*
- **Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn**  
Niamh Ní Cróinín - *Leathanach 4*
- **An JCR & Scéim na Gaeilge: Aidhm Chomónta**  
Tiarnán Ó Cathain - *Leathanach 5*
- **"Trinity Jailbreak"**  
Brian Marron - *Leathanach 6*
- **Coinní Chéad Aithne**  
*Leathanach 7*
- **Staid na Teanga**  
Conor Brennan - *Leathanach 9*
- **Seo Linn**  
Keith Ó Briain - *Leathanach 10*
- **Seomra na Gaeilge**  
Niamh Ní Leathlobhair - *Leathanach 11*
- **Agony Aunt na Scéime**  
Catherine Bell - *Leathanach 12*



**Bliainiris na Scéime,  
Ceaptha ag Seaghán Ó Modhráin**



## An t-Eagarthóir

Hi,

Fáilte romhaibh go Bliainleabhar na Scéime. Ba phróiséas suimiúil a bhí ann ag cur na hirise seo le chéile, agus bhí roinnt struis ag baint leis; le spriocdáta chomh cóngarach le deireadh an téarma againn, bhí drogall orm brú a chur ar daoine píosa a scríobh. Ach, buíochas le Dia, thapaigh daoine an deis chun a gcabhair a thabhairt don iris, agus tá na scríobhnóirí uilig le moladh.

Ba mhaith liom chomh maith buíochas a thabhairt dóibh siúd a bhí ar an bhfoireann don togra seo: Seaghan Ó Modhráin, a rinne leagan amach iontach ar an iris seo, James Bennett, a chabhraigh liom píosaí a fháil ó dhaoine agus Fionn Ó Deá, a thug comhairle dom ar chonas an rud ar fad a chur le chéile.

Ar dheireadh, buíochas l'Aonghus Dwayne, a chur an deis iontach seo chun bliain a chaitheamh ag labhairt na teanga agus á cur chun cinn i saol an choláiste ar fáil dúinn.

**Bainigí taitneamh as an iris!**

**- Éanna Drury**



## Réamhrá

Aonghus Dwane, Oifigeach na Gaeilge



Ba mhaith liom tréaslú le muintir uile na scéimeanna cónaithe i mbliana. Tá an t-uafás oibre curtha isteach agaibh chun atmaisféar Gaelach a chruthú ar champas agus i Halla na Tríonóide i nDartraí. Bhí cúraimí breise leagtha ar na scéimeanna i mbliana - córas maora do Sheomra na Gaeilge ar champas agus stiúradh na hócáide An Chéadaoin @ An Bhutrach ag lucht Dhartraí. Tá éirithe go han-mhaith leis an dá thogra sin, agus is tacaíocht fíor-phraiticiúil a bhí iontu don teanga.

Bhí roinnt tograí nuálaíocha curtha i gcrích i mbliana, agus sraith físeán déanta - maidir le seirbhísí dátheangacha sa Leabharlann agus maidir leis na scéimeanna cónaithe iad féin. Beidh siad seo ina chuidiú mór agus muid ag poiblíú an dá ghné sin. Tá beart suntasach déanta ag mic léinn Scéim Dhartraí le freastal ar mic léinn idirnáisiúnta agus blaiseadh a thabairt dóibh ar shaol na Gaeilge agus cultúr na hÉireann araon. Cheana féin, tá suim léirithe ag an Oifig um Chaidrimh Dhomhanda (Office for Global Relations) san obair seo agus tá súil againn tógáil air an bhliain seo chugainn. Freisin, tá neart oibre déanta ag baill de na scéimeanna trína mballraíocht i gcoistí eile - an JCR, an Cumann Gaelach, Aontas na Mac Léinn agus tuilleadh nach iad. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Seosamh Ó hEirbhín, an meantóir, a bhí fíor-chabhrach i rith na bliana ar fad agus a rinne comhordú an-éifeachtach ar ghnéithe éagsúla na scéimeanna.

Tá súil agam gur bhain sibh uile sásamh as an mbliain agus as an gcairdeas a chothaigh sibh, agus guím gach rath oraibh amach anseo i bhur saol. Is féidir libh bheith an-mórtasach as an obair a rinne sibh don teanga. Mo mhíle buíochas libh go léir arís.

***Go n-éirí libh sna scrúdaithe agus bíodh samhradh den scoth agaibh!***

## Meantóir na Scéime

Joey Irwin

***Hey guys, is mise Joey agus táim i mo mheantóir ar an dá Scéim i TCD i mbliana: ceann i Hallaí na Tríonóide, le haghaidh dálaí i mbliain 1-2, agus ceann an champais dóibh siúd i mbliain a dó ar aghaidh. Bhí mé ar an scéim i nDartraí anuraidh. Bhí craic iontach agam agus tá an dream lena raibh mé i mo chónaí fós an-cháirdiúil lena chéile.***

Bhí conaí orm i mBotany Bay i mbliana ar scéim an champais agus ba bhliain iontach eile a bhí ann. Rinne na daoine ar fad a bhí ina gcónaí ann go leor oibre ar son na Gaeilge. Ó 'Come Dine With Me' go físeán ceoil i nGaeilge, bhí 12 togra ag an Scéim i mbliana, agus iad ar fad ar fheabhas. Bhí an Scéim iontach láidir sa Choláiste i mbliana mar gheall ar grá lucht na Scéime don Ghaeilge agus léirigh siad fuinneamh do-chreidte agus iad i mbun oibre.

Tá Oifig na Gaeilge, mé féin agus an Coláiste ar fad an-bhródúil as an Scéim i mbliana. Ár bpost ná chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste agus sílim nach bhfuil aon dabht go ndearna muid é sin i mbliana. Táim cinnte go ndéanfaidh Scéim na bliana seo chugainn jab chomh maith freisin agus beidh mé ansin le tacú leo más gá. Mholfainn aon duine chun cur isteach ar an Scéim Chónaithe. Ba é an taithí is fearr a bhí agam sa choláiste. Má tá ceist ar bith ag aon duine faoi, ná bíodh eagla air dul i dteagmháil liom ar [joirwin@tcd.ie](mailto:joirwin@tcd.ie).



# Lá Tipiciúil ar an Scéim

Fionn Ó Deá



**09:00** – Buaileann d’alarm. Bhí tu amuigh aréir sa Chonradh. Nó i gCoppers. Níl tú ro-chinnte. Ar a laghad bhí a fhios maith agat aláram a shocrú sular raibh na Jaegerbombs agat. Tá léacht agat ag 10:00. Tá sé sin togha, a cheapann tú. Cuireann tú d’aláram ar snooze. Tá 10 nóiméad eile sa leaba tuillte agat.

**11:57** – A thiarcais!!! Dúisíonn tú arís. Chaill tú amach ar do léacht, ach ar a laghad, níl tú i gceannas ar Sheomra na Gaeilge an tSeachtain seo. Nó an bhfuil...? Feck it, téann tú thall díreach chun a bheith cinnte.

**12:14** – Phew, níl tú i gceannas. Ach tá an cailín/buachaill dathúil sin ó do rang ann. Agus tá leaba agat ar an gcampas...Níl



an chupáin tae is saoire sa chathair ar aon nós. Bíonn an Ghaeilge ag stealladh amach.

**13:03** – Léacht eile. Ach tá tú beagáinín déanach agus tá

gach éinne eile tar éis dul isteach. Níl tú cinnte cén áit ina bhfuil sé ar siúl. Synge? Níl. Burke? Níl. Siúlann tú isteach ar gach léachtlan i mBloc na nDámh sula gcuimhníonn tú go bhfuil léacht amháin agat in aghaidh na seachtaine sa Hamilton. Sroicheann tú an Joly fiche nóiméad déanach agus ag cur allais.

**14:31** – Tá tú ag buaileadh le do chara eile ón Scéim le haghaidh lóin ach tá tú buartha faoin saghas pleidhcíochta a bhí ar siúl aréir. Deir do chara leat gur craic mhaith a bhí ann, sin an méid. KC Peaches nó Pablo’s le haghaidh lóin? Roghnaíonn tú KC’s.

**16:43** – An seiminéar is leadránaí de do shaol.



Ach tá aiste le déanamh agat ar an ábhar seo. Déanann tú iarracht fanacht i do dhúiseacht ach tá guth an mhúinteora chomh íseal agus mall sin. Éiríonn leat sa deireadh.

**17:20** – Tá tú ar an mbealach chuig an leabharlann ach níl tú ag iarraidh aon staidéar a dhéanamh. Tá tú ag siúl chomh mall agus is féidir. Le cúnamh Dé, tiocfaidh tú ar chara éigean sula sroicheann

tú an leabharlann.... IONTACH! Deich méadar ón leabharlann agus buaileann tú le beirt chara ar an mbealach amach. Tá siad ag dul i dtreo an Phav. Rachaidh tú...le haghaidh cinn amháin.

**18:11** – I ndiaidh an rogha is deacra den tsaol (Druids nó Bav...roghnaíonn tú Bav), tá tú i do shuí le do chairde sa Phav. Tá do chairde ag dul amach ag ragairne anocht. Ach tá an iomarca le déanamh agat ar maidin. Deir tú leo go bhfanfaidh tú istigh. I ndiaidh do cheathrú Bav.

**21:13** – Ag réamh-deochanna thíos staighre sa scéim ach fós tá tú ag fanacht istigh. Cheannaigh tú naggin díreach ionas nach mbreathnófa ‘tirim’.

**22:05** Teachtaireacht ó do mham: ‘Tú ag fanacht istigh anocht?’. Freagraíonn tú: ‘Fan8 sa scéim.’ Ach faoin bpointe seo, níl tú cinnte.

**00:08** – Tá tú ar an mbealach chuig an gConradh. Nó Coppers. Níl tú cinnte.

**00:47** – Ceannaíonn do chairde na Jaegerbombs. Ba chóir duit d’aláram a shocrú. Tá léacht agat ag 10:00 ar maidin.





# Oifigeach na Gaeilge, Aontas na Mac Léinn

Niamh Ní Cróinín



***Nuair a bhog mé isteach sa Scéim ag tús na bliana, thosaigh mo chuid oibre mar Oifigeach na Gaeilge an Aontais chomh maith. Tháinig tús leis na cruinnithe seachtainiúla, na feachtais, comhairlí na mac léinn, comhoibriú le hOifigigh Ghaeilge eile agus comhoibriú le USI.***

An chéad sprioc a bhí agam ná polasaí Gaeilge a scríobh don Aontas. D'fhreastail mé ar Chomhairle Náisiúnta USI i mBaile Átha Cliath agus i gCeatharlach agus phléigh mé an polasaí leis na hOifigigh Ghaeilge eile. Tar éis dom cúpla dréacht a scríobh, tháinig an polasaí i bhfeidhm ag Comhairle na Mac Léinn i mí na Samhna 2012. Bunaíodh An Coiste Gaelach ag Comhairle na Mac Léinn chomh maith agus é mar fheidhm acu an Ghaeilge a láidriú san aontas agus cabhair a thabhairt le linn na hÉigse.

Bhí Éigse den scoth againn i mbliana agus níl aon amhras ach gur chabhraigh an comhoibriú idir An Cumann Gaelach, Aontas na Mac Léinn agus na Scéimeanna

Cónaithe leis seo. Chuireamar físen le chéile don Éigse agus seoladh é i ríomhphost seachtainiúil an Aontais. Seoladh an ríomhphost céanna go dátheangach.

Cuireadh ceist orm le déanaí cén buaicphointe a bhí agam agus mé mar Oifigeach na Gaeilge. Tar éis dom machnamh a dhéanamh ar an gceist seo, níor luaigh mé aistriúcháin a rinneadh ar shuíomhanna, comórtais a eagraíodh nó fiú ráth na hÉigse. An rud a sheas amach dom i mbliana ná go bhfuair mé deis meon na mac léinn i leith na Gaeilge a thuiscint. Tá go leor mac léinn sa choláiste gan focal Gaeilge ach le grá thar chúimse don teanga. Léiríodh an-oiread sin suime sa Ghaeilge ag an deireadh seachtaine traenála do na hionadaithe ranga.

Caithfidh mé a admháil gur chuir líon na ndaoine a bhí ag labhairt i nGaeilge ionadh orm. Bhí daoine ag cur ceiste orm an raibh ranganna Gaeilge ar fáil agus ag fiosrú an bhféadfaidís páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge an choláiste. Bhí mé ag labhairt le mic léinn go minic i gcaitheamh na bliana, a léirigh a n-aiféala nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus fuair mé go leor ríomhphoist ó dhaoine agus smaointe éagsúla acu an teanga a láidriú san Aontas. B'iomaí uaire a cuireadh

ceiste orm faoina Scéimeanna Cónaithe agus iad ag léiriú suime sa togra.

Guím gach ráth ar an té a bheidh mar Oifigeach na Gaeilge leis an Aontas an bhliain seo chugainn agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thug cúnamh dom le linn na bliana. Is cinnte nach grúpa caol beag iad Gaeilgeoirí na Tríonóide!

# An JCR & Scéim na Gaeilge: Aidhm Chomónta

Tiarnán Ó Cathain



**Tá ceangal fada idir an Scéim Chónaithe i nDartaí agus an eagraíocht darb ainm 'JCR', nó Junior Common Room, ó bunaíodh iad.**

Tá cúpla cúis le seo. Tá an aidhm chéanna acu: difríocht dearfach a dhéanamh ar shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide trí eachtraí sóisialta a eagrú. An bhliain seo caite, chonaic mé cé chomh cosúil lena chéile is atá an dá rud; go deimhin, is minic a thugtar deis do cheann acu cuidiú le hobair na heagraíochta eile.

Bhí Éamonn Ó Leathlóbhair mar Oifigeach Teicneolaíochta agus Caitríona Ní Mhaolchathaigh ina hOifigeach Leasa in 2011/2012. Le linn dheireadh seachtaine na bhFreisear i mí Mean Fomhair na bliana sin, bhí ar an mbeirt acu óráid a dhéanamh faoina gcuid dualgas os comhair 800 duine a bhí tar éis bogadh isteach i Hallaí na Tríonóide, agus is cinnte go ndearna siad jab den scoth. Scaip siad teachtaireacht na Scéime, agus d'fhógair siad cuireadh don slua a gcuid Gaeilge a labhairt timpeall na h-áite. I rith na

bliana, d'úsáid siad acmhainní an JCR chun poiblíocht a dhéanamh ar ócáidí na Scéime, ag baint úsáid as an Halls Herald (irisleabhar an JCR) agus an ríomhpost rialta.

Mar gheall ar seo, bheartaigh mé cur isteach ar spás na Scéim i ndiaidh dom an toghchán do phost an Chisteora don JCR a bhuachaint. Nuair a bhuail mé leo siúd lena mbeadh mé ag obair, chuimhnigh mé arís ar an nasc soléir idir an JCR agus an Scéim. Daoine díograiseacha, cáirdiúla agus le heitic oibre thar cuimse ag obair go crua do chúis mhór, thábhachtach a bhíonn baint acu leis an dá eagraíocht. Caithfidh an cumas a bheith agat fadhb a aithint, a phlé agus réiteach a aimsiú.

I rith m'agallaimh scéime i rith an tSamhraidh, bhí Aonghus Dwayne, Oifigeach na Gaeilge, ag iarraidh an saghas seo duine a aimsiú. Beidh laidireachtaí agus laigeachtaí ag gach duine san agallamh. Scileanna ceoil agus amhránaíochta; scileanna teicneolaíochta; taithí a bheith ag obair le heagraíochtaí Gaeilge agus gach saghas rud eile. Is í an aidhm atá ag Aonghus ná grúpa daoine, le meascán de láidreachtaí, a chur le chéile. Is é seo go díreach céard a dhéanann pobal Halla na Tríonóide agus iad ag vótáil i dtoghcháin an JCR, chun foireann mhaith a chur le chéile chun aire a thabhairt do phobal Dhartraí na bliana seo chugainn.

Mar cheann de na heagraich is gníomhaí sa Choláiste, a chuireann níos mó ná 50 ócáid shóisialta ar siúl gach bliain, agus a eagraíonn comórtais spóirt, eachtraí teicneolaíochta agus ceolchoirmeacha a bhíonn saor in aisce, tá foireann le réimse scileanna leathana de dhíth chun bliain mhaith a chinntiú. Tá 11 post ar choiste an JCR, líonta le daoine le suim agus scileanna san airgeadas, éachtraí sóisialta, ceoil, spóirt, deartha agus leasa. Ach ní obródh an JCR murach an tsuim chéanna atá acu chun obair a dhéanamh ar son na cúise.

Ní bhíonn a fhios agat riamh cé atá ábalta Gaeilge a labhairt: bhí áthas orm nuair a chuala mé iar-Uachtarán an JCR Daithí Mac Einrí agus iar-Oifigeach Ents Séamus Ó Dúill ag labhairt Gaeilge ag an gcéad cruinniú a bhí againn. Bhí iontas orm freisin nuair a thosaigh Brendan Tagney, An Warden, agus Léachtóir Ríomheolaíochta, ag labhairt Gaeilge liom. Thaitin mo bhliain ar an JCR liom agus thaitin mo bhliain ar an Scéim liom; is cinnte gur neartaigh ceann amháin an ceann eile.

# "Trinity Jailbreak", Mo Scéal

Brian Marron



**"Beidh mé ag éalú chomh fada agus is féidir ón gColáiste: gan mo chuid airgid féin a chaitheamh. Beidh mé ag dul ar an ordóg, ag impí ar stráinseirí agus, más gá, beidh orm an dallamullóg a chur orthu."**

Ba bheag nár thit mo mháthair as a seasamh nuair a mhínigh mé comórtas Trinity Jailbreak di. 40 foireann de bheirt iomaitheoirí ag iarraidh iad féin a tharraingt as an tír, gan phingin a chaitheamh, laistigh de 36 uair an chloig. Tuigim inní mo mháthar, dár ndóigh, ach creidim agus mé ag scríobh an phíosa seo gur chaith mé 36 uair nach ndéanfaidh mé dearmad air, riamh. Bhí craic do-chreidte agam agus ag an am céanna bhí mé ag bailiú airgid le haghaidh dá chumann carthannachta – Cumann Naomh Uinseann de Phóil agus Amnesty Ireland.



Chun tús a chur leis an gcomórtas, bhuail na 40 foireann le chéile ag an gCampanile i bpríomhchearnóg na Tríonóide. Faoi spéir mhí Márta ag leath uair tar éis a naoi ar maidin, bhí na foirne muiníneacha le feiceáil go soiléir. Cá raibh said ag dul ina gcuid speaclaí gréine - go dtí

An Eoraip? An Afric? An Astráil? Go tobann, thosaigh an exodus. Chuaigh cuid mhaith acu i dtreo an aerfoirt agus cuid eile acu chuig an bPort.

Rith mise agus mo chomh-iomaitheoir, Domhnall Kelly, go dtí Busáras. Bhí eitilt socraithe againn ó Bhéal Féirste go Verona san Iodáil buíochas le hurraíocht ó Topflight Travel. Bhí mé cínnte go mbeadh an bua againn! Ba é dó a chlog am na heitilte. Bhíomar ag snámh in aghaidh easa. Ní raibh soicind sa bhreis againn. Tar éis dúinn ticéad saor in aisce a mhealladh ón mbustiománaí, shuigh muid siar agus d'fhág an bus. Níor thóg sé mórán ama bealach saor in aisce a fháil chuig aerphort Bhéal Feirste ón gcathair, ach an oiread. Cheapamar, agus muid ar an mbealach, go raibh linn.....

Shroich muid an t-aerfort 27 noiméad roimh imeacht an eitleáin. Faraor, bhí orainn 'check-in' a bheith déanta againn 30 noiméad roimhe. Bhí ár bplean tar éis titim as a chéile. Bhí mé féin agus Domhnall in umar na haimléise. Is ag an bpointe sin go bhfuair Domhnall glaoch óna dheartháir, a bhí ag iarraidh fáil amach faoin ár ndul chun cinn. Nuair a chuala sé faoinár mí-adh thug sé gealltanais urraíochta dúinn – cúpla pionta i nDún Eideann agus spás ar urlár a ostán! Ní raibh an dara rogha againn ach glacadh leis. B'fhéidir go mbeadh an bua fós againn!

Le cabhair ó Bhus Éireann, Ulster Bus, Topflight, Stena Lines, fear deas a thug síob dom, ScotRail, an leachtóir a thug 'extension' dom, Mahony's Irish Bar, dearthair Dhomhnaill agus a lán stráinséirí eile, d'éirigh linn Dún Eideann a bhaint amach. Diaidh ar ndiaidh, chuala muid faoi dul chun cinn na bhfoirne eile. Beagnach 12 uair tar éis tús an chomórtais, bhí foireann ar an mbealach chuig Dubai. Thuig muid nach mbeadh an bua againn. Ba chuma linn, áfach: mar a deirtear, "Ní an ceann scríbe atá tabhachtach ach an t-aistear."

Ag deireadh an 36 uair, bhí 40 foireann scaipthe amach ar fud an domhain - Buenos Aires, Borneo, Singeapóir agus an Eoraip, agus fiú Inis Meáin! B'iontach an scéal a bhí ann, sna meáin náisiúnta, idir-náisiúnta agus, dár ndóigh, an University Times, agus bailíodh breis is €15,000 do chatharnacht. Dhéanfainn arís ar maidin é!

Ní raibh ach cnaipe an raidió a bhrú, nuachtán a oscailt nó feachaint ar an teilifís agus bhí iomaitheoir éigin ag insint a "saga" Jailbreak. D'fheadfaí an University Times an bhliain ar fad a chaitheamh ar an Jailbreak amháin! De bharr sin, bailíodh thart ar €10,000.





# Coinní Chéad Aithne



## Fionn agus Niamh



**Bhí mé ag súil go mór le mo dháta agus ní hé sin díreach toisc go raibh ocras orm. No, bhí rómáns san aer. É sin agus an fuacht uafásach. Bhí sí ann cheana féin nuair a shroich mé an bhialann – bhí cuma alainn uirthi, caithfidh mé a rá. Chuireamar aithne ar**

**a chéile. Phóg mé a lámh. “Enchanté”.**

Thugamar faoi deara luath go leor go raibh an bheirt againn ar an turas céanna chuig Budapest díreach cúpla seachtain roimhe agus níor bhuaileamar lena chéile. An t-Oireachtas freisin. Is dócha go bhfuil an domhan ag iarraidh go mbeimid le chéile. Bhí anraith agam le croissant. Dúirt sí liom go raibh súil aici nach raibh mé chun dipping a dhéanamh leis an dá rud. Bhí sé ar intinn agam ach bheartaigh mé gan é a dhéanamh fad is a bhí mé léi.

Luaigh sí buachaill ina rang agus thosaigh mé ag crith le heagla. Cé hé? Ar chóir dom a bheith buartha? Bhí orm iarracht níos mó a chur isteach faoin bpointe sin ar aghaidh.

Ansin tháinig an iontas is fearr. Chuala sí go raibh mo bhreithlá an deireadh seachtaine roimhe agus bhí sí tar éis cáca seacláide a shocrú dom sa bhialann. Beidh ormsa rud iontach a dhéanamh dá breithlá. Tá brú orm anois.

**An ndeachaigh tú riamh ar “dáta dall”, a léitheoir? Bhuel, mise, ach an oiread... go dtí inniu! An suíomh: Walter Mitty’s ar Shráid Dawson. An buachaill ámharach: Fionn Ó Deá, ón Scéim ar champas.**

(meascán an-ait im’ thuairimse féin) - shuíomar síos chun taitneamh a bhaint as an mbia agus thar aon ní eile, as an gcomhlúadar. Agus buíochas le Dia, bhí mé fíor-shásta leis an gceachtar acu!



An t-am: a haon a chlog ar an spota, cé go raibh mise ann go luath ag fanacht ar chipíní do mo leannán! Shiúil sé isteach (ar am, dála an scéil) agus an chéad rud a rinne an garsún seo ná mo lámh a thógaint suas agus é a phógadh, creid é nó ná creid! Níos rómánsúla ná carachtair Jane Austen, gan aon cheist. Agus mar a deireann an seanfhocal, **“tús maith, leath na hoibre!”**

Tár éis ár gcuid béilí a órdú - mise an frittata agus sailéad, é féin an anraith agus croissant

Thosaigh an cómhra eadrainn leis na rudaí bunúsacha, cuirim i gcás, na cúrsaí ina bhfuilimid, ár gceantair dúchais, ár bpleananna don Cháisc agus don samhradh. Agus lean sé ar aghaidh go dtí cúrsaí Gaeilge, cúrsaí ceoil agus fiú madra Fhionn – mo chomórtas dá chroí! ‘Sea, bhí an chraic go hiontach agus bhí grá le brath san aer! Agus ionadh na n-ionadh, ní raibh clú dá laghad ag Fionn bocht go raibh mé ag pleanáil rud éigin deas dó go rúnda – thug mé faoi deara ar Facebook go raibh breithlá aige Dé

Sathairn (ar eagla na heagla go bhfuil sibh fiosrach, is Aries é, is Virgo mise agus ‘sea, an oiriúnach dá chéile de réir mo horoscope).

Ar aon nós, chruthaigh mé plean chun cáca agus coinnle a fháil dó, agus ceist a chur ar na freastalaí sa chaife é a thabhairt amach i ndiaidh an béile – agus is é sin go díreach céard a tharla. Ó dá bhfeicfeá an ionadh ar a aghaidh, chuirfeadh sé na cait ag gáirí! Cinnte, b’fhiú an dáta seo agus bhain mé an-taitneamh ar fad as, caithfidh mé



# Coinní Chéad Aithne



a admháil. Beidh mé i dteagmháil leis an iris maidir lenár bpósadh, ná bí buartha. Agus nod duit, a léitheoir; má théann tú go dtí caife Walter Mitty's am ar bith, bí cinnte an balla bán ann a scrúdú; mar má fhéachann tú síos-suas ar feadh cúpla nóiméad, feicfidh tú na focail **'FIONN AGUS NIAMH GO DEO'** scríofa ann go grámhar..

## Sarah agus Tomás



**Coinne chéad aithne le buachaill deas ó Dhartraí...gan dabht bhí mé neirbhíseach. Bhí na buachaillí ó Dhartraí uilig feicthe agam cheana féin ach ní raibh suim rómánsach agam i duine ar bith acu. Ach, bhí mé dóchasach agus bhí seans go n-athróidh mé m'intinn tar éis bualadh leis sa suíomh Hipster, Walter Mitty's.**

Bhí mo chroí ag preabadh agus mé ag siúl i dtreo Walter Mitty's, seans go raibh mé chun bualadh leis an fear a phósfainn ina dhiaidh sin, nó b'fhéidir go mbeadh sé tútach agus nach mbeadh aon rud le rá againn. Nuair a shiúil mé isteach sa caife, áfach, bhí mé ar mo shuaimhneas go luath. Buachaill álainn darbh ainm Tomás a chur fáilte romham – fear uasal amach agus amach.

Bhíomar ag caint agus ag gáire an t-am ar fad agus d'aontaigh mé go hiontach leis. Bhí an béile go hálainn agus cé nár íoc sé dom, rinne sé cinnte go raibh

gloine uisce agam i gcónaí. Ní ina cuid airgid atá mo spéis, áfach (chuala mé gur bhuaigh sé duais 'Shifter of Halls' i mbliana).

Tar éis coinne iontach níor thóg sé m'uimhir fón... bhí díomá an domhain orm. Chuaigh mé abhaile chun tub Ben & Jerry's a thosnú le mo chuid bhrón a bhá. Thóg mé mo ríomhaire amach chun an chéad eipeasóid eile de Glee a fháil. Seiceáil isteach tapa ar Facebook agus léim mo chroí. Cuireadh cairdeas. Tomás Ó Conaill. Bí ag faire ar an áit seo.

**Bhain mé an-sult as an "blind date". Bhí an t-ádh dearg orm le mo dháta, Sarah Healy. I dtosach báire ní mise a bhí chun dul ar an dáta. De bharr léacht a bhí ag Conor Brennan, ní raibh sé in ann dul. Chuir se ceist orm an oíche roimh an dháta agus dar ndóigh d'aontaigh mé - NASAA!**

cheana féin ar Sarah. Dá bhrí sin, bhí a fhios agam gur cailín deas cairdiúil dathúil a bhí inti.

Nuair a shroich mé an áit, bhí Niamh ón data eile ansin ag fanacht orainn. Cúpla noiméadil ndiaidh shroich Sarah an áit agus thug mé barróg di. D'ordaigh mé anraith trátaí, agus bhí sé go hálainn!

Bhuaileamar suas i Walter Mittys ag a haon. B'é mo chéad uair sa bhialann seo agus bhí mé ag tnúth leis an mbia a bhlaiseadh freisin. Bhí mé beagáinín neirbhíseach faoin dáta ach bhí aithne agam

Bhíomar ag labhairt faoina heachtraí agus 'gos' na scéime. Bhí sé suimiúil fháil amach cad a mbíonn ar suil ar scéim an champais mar ní bhíonn muid ag bualadh le chéile go minic.



Bhí mé an sásta le mo dháta, bheadh me sásta bualadh lei arís. Ceapaim go bhfuil mé bun os cionn i ngrá léi **Xoxo**



# Staid na Teanga

Conor Brennan



*"Bhuel, bhí mo Fáinne, eh, silver agam – fadó, y'know – ach ansin..."*

**Is scéal é a chloistear arís is arís eile Dé "Céadaoin sa Bhutrach". Gach seachtain, suíonn dornán mac léinn ó Scéim Dhartraí síos le grúpa ón phobal mhór, chun comhrá agus cuidiú a chur ar fáil. Ar a gcumas teanga a bhíonn na cuairteoirí ag iarraidh feabhas a chur, dár ndóigh, agus gabhann siad buíochas linn go leanúnach as ár gcabhair.**

Cé go bhfuil dul chun cinn le feiceáil iontu ó sheachtain go seachtain, ní hiadsan is mó a bhíonn ag foghlaim. Soláthair speisialta a chuireann gach duine acu leis an mhalartú seo, mar chomhchainteoirí atá níos sine agus níos saoihiúla ná muidne; mar aon le scéalta fíorshuimiúla agus comhairle chríonna, tá taithí saoil le roinnt acu atá thar a bheith luachmhar. In ainneoin a gcúlraí, pearsantachtaí agus slite beatha éagsúla, áfach, bíonn rud amháin i gcoiteann acu: is é sin, stair a ngaol leis an nGaeilge.

"Yeah, bhí sé agam nuair a bhí mé ar scoil, ach just chaill mé suim ann really," a deir fear amháin. Anois, tá sé ag déanamh gach iarracht cur lena 'chúpla focal,' ach níl sé chomh héasca is a bhí. Is pity é, dar leis. Léiríonn sméideadh cloiginn óna chomhaimseartha go dtuigeann siad a chruachas go maith. Dá gcuirfeá ceist orthu, b'ionann freagra a bhfaighfeá: tá sé deacair, cinnte, cloí leis an teanga in éadan fhuadar an tsaoil mhóir.

B'fhéidir nach gcuireann an patrún seo mórán iontais orainn: b'eol dúinn go léir gur ar an mheánscoil is mó a labhraítear Gaeilge ar na saolta galldaithe seo. Ach cén fáth go dtiontaíonn an líon sin daoine óga ón teanga? Níos tábhachtaí arís, cén fáth go bhfuil na 'hath-fhoghlaiméoirí' lánfhásta seo anois ag teacht ar ais chuici? Agus cad iad na himpleachtaí an fheiniméin seo do ról na Gaeilge sa lá atá inniu ann?

Is dócha, ar an gcéad dul síos, go dtacaíonn cás na gcuaireoirí leo siúd a mhaíonn nár chóir don Ghaeilge a bheith mar ábhar scoile éigeantach. Coimhthítear daltaí, de réir na hargóinte seo, toisc iallach a bheith orthu staidéar a dhéanamh ar an teanga. Is míniú amháin é sin ar thaithí na bhfoghlaiméoirí sa Bhutrach, a thabharfadh le tuiscint gur ceart ár dteanga dhúchais a athrú ina hábhar roghnaithe.

Mothaím féin, ámh, go bhfuil níos mó ná sin i gceist – léargas, fiú, ar an tábhacht speisialta a bhaineann leis an nGaeilge go fóill. Ní ar an gcóras oideachais a chuireann an Chéadaoin sa Bhutrach mé ag smaoineamh, ach ar mo thuismitheoirí, agus ar an ngéarchéim féinaithne a bhuaill iad nuair a thosaigh a dtuismitheoirí ag fáil bás. Den chéad uair, d'aimsigh siad suim phráinneach ina gcaobhacha ghinealaigh: iad ag póirseáil tríd seanpháipéir, ar thóir an dúchais a bhí ag éalú uathu. Níor aithin siad a fhiúntas go dtí go raibh an cuardach crua, agus na daoine a bheadh ábalta cuidiú leo imithe ar shlí na fírinne. Cé go dtuigim gur chóir dom féin níos mó spéise a léiriú ina bhfionnachtana, tá gach seans go dtarlóidh an rud céanna domsa, agus mé ró-thógtha leis an todhchaí chun a bheith buartha faoin am atá thart.

Is í sin staid na Gaeilge ár líne freisin, dar liom: cuid de sheanchas saibhir atá inti, ar a ndéantar neamhaird go minic i bhfabhar an nua-aoisithe. Ní thig linn cur i gcéill níos mó, i lár streachailt eacnamaíochta, gur bealach chun tosaigh í ár seanteanga. Is beag ionadh go bhfuil an t-aos óg ag cur béim anois ar theangacha iasachta ina háit, nó go bhfuil muintir na tíre ag glacadh go pragmatach leis an mBéarla – tá an domhan mór ag bogadh ar aghaidh, agus caithfidh bogadh leis.



Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nár cheart dúinn ár dteanga a chaomhnú agus a chothú. Fiú agus muid ag beartú cén treo ina rachaimid, is féidir linn

cuimhne a choinneáil ar an áit as ar tháinig muid. Sin é fíorluach na Gaeilge inniu, is dócha: mar chuid dár stair, dár n-oidhreacht, agus dár bhféiniúlacht féin – rud a

thuigeann ár gcairde sa Bhutrach go maith.

## Seo Linn

*Ar scáth a chéile a mhaireas an croí go deo...*



**Keith Ó Briain**

***Nuair a chuaigh mé chuig an nGaeltacht don chéad uair riamh, ní raibh clú dá laghad agam céard a bhí romham. Bhí mo chuid Gaeilge lag. Cé go raibh na briathra foghlamaithe go glan-chroí agam, níor bhuail aon cheann dóibh riamh lena cheile in aon abairt amháin... I MO bhéalsa, ar aon chaoi.***

Rinne an Ghaeltacht a cuid draíochta orm, áfach, agus cúpla bliain ina dhiaidh, thosaigh mé ag obair do choláiste samhraidh le foireann cheoltóirí: ag aistriú amhrán ó Bhéarla go Gaeilge, ag déanamh taifead orthu, is á múineadh do na daltaí, ionas go mbeadh siad in ann an Ghaeilge a fhoghlaim trí liricí na n-amhrán nua-aimsire a bhíonn á n-éisteacht acu ar an raidió. Athraíonn sé a meon don



Ghaeilge nuair a chloiseann siad na hamhráin is fearr leo canta as Gaeilge. Geallaim duit gur chreid cúpla ceann dóibh go raibh Gaeilge ag Lady Gaga ar feadh tamaill...

Sé mhí ó shin, chinntigh an foireann sin banna ceoil a chur le chéile chun na clúdaigh sin a chasadh i gceolchoirmeacha. Rugadh Seo Linn. Is grúpa ceoil muid a fheidhmíonnas trí Ghaeilge. Ceard é ceol Seo Linn: ceol beomhar, nua-aimsire á chasadh againn as Gaeilge, le tionchar láidir ceol-traidisiúnta. D'oibrigh mé leis na ceoltóirí siúd ar feadh na mblianta. Tá an dúil chéanna inár n-intinn, is an tart céanna inár gcroíthe. Bhailigh an Ghaeilge le chéile muid.

Thosaíomar ag casadh ceoil le chéile mar gheall uirthi. Is í an chúis í atá againn le haghaidh seo, agus is tríthí a bhfuilimid chun ár dteachtaireacht a sheoladh. Teachtaireacht go bhfuil níos mó sa Ghaeilge ná ábhar scoile... Rud eile fúthu; Tá siad uilig Bonkers.

Canaigí linn a chairde. Tá an Ghaeilge níos láidre anois ná mar a bhí sí ó threimhse na nGort. Is muidne na Gaeil, ná teipimis ar ár dteanga go fóill, is ní theipfidh uirthi go deo. Seo Linn, muid aontaithe anois faoi stiúir an cheoil. Seo Linn anois faoi dheireadh ag canadh trí fhocail ár sinsir. Seo Linn, a chairde, d'aon ghuth amháin.

# Seomra na Gaeilge: Áis Nua, Teanga Ársa

Niamh Ní Leathlobhair



**A lucht léitheoireachta, 'sé le lúcháir agus le gliondar croí a scríobhaim go bhfuil áis nua, áis riachtanach, tagtha go dtí Coláiste na Tríonóide i mBliaana. Don chéad uair riamh, osclaíodh Seomra na Gaeilge speisialta ar champas a freastlaíonn ar éinne a bhfuil suim acu an teanga ghaelach a labhairt nó fiú a scíth a ligint i measc gaeilgeoirí eile! Spás caidrimh agus comhrá atá ann, atá lonnaithe i bhfoirgneamh an Phroinntí, os cionn bialann an Bhutraigh. Tá nuachtáin agus foilseacháin i nGaeilge ar fáil sa seomra, chomh maith le háiseanna tae agus caife. Agus ná déanaigí dearmad ar na briosaí atá ar aghaidh boise, ach an oiread!**

Tharla Oscailt Oifigiúil an tSeomra ar 2 Deireadh Fomhair, ag a sé a chlog, um thráthnóna, agus ócáid den scoth a bhí ann dúinn ar fad. Seoladh cuireadh álainn sa ríomhphost seachtain roimhe sin, agus bhí gach duine ag tnúth go mór leis an oíche stairiúil seo. Nuair a shroich mé

an seomra, chuaigh sé go mór i bhfeidhm orm – bhí sé spásmhar, bhí sé clothar, agus thar aon ní eile, bhí sé lán go béal le daoine atá ceangailte leis an nGaeilge ar bhealaithe éagsúla. Bhí muintir na Scéime ó Dhartraí agus ó Champas ann, bhí baill an Chumainn Ghaelaigh le feiscint agus, ar ndóigh, bhí an Propast, Dr. Patrick Prendergast, i láthair ag an oscailt chinniúnach seo freisin. Agus creid é nó ná creid, b'é an láithreoir cáiliúil raidió, Seán Bán Breathnach, mar aoi speisialta na hoíche! Rinne sé óráid, d'itheamar na sáláistí, labhraíomar as Gaeilge agus d'fhéachamar timpeall orainn féin le bród inár gcroí don Seomra na Gaeilge.

Gan aon agó, is áit fíorluachmhar í an seomra seo do lucht na Gaeilge sa choláiste. Is tearmann nó boilgeog é, i ndáiríre, inar féidir linn teacht le chéile le haghaidh píosa solás agus píosa craic sna sosanna idir léachtanna. Sin a dhéanann mo chairde sa scéim go minic, pé scéal é, agus inár súile 'sé an t-am a chaithfimid anseo i gcuideachta a chéile, ag cur agus ag cúiteamh, ag gáire agus ag gearán, i gcónaí ceann desna buaicphointí an lae. Um an dtaca seo, tá muintir an chéad bhliain chomh ceanúil ar an seomra go bhfuil leasainm tugtha acu dó, fiú – SnaG! Tá atmaisféar iontach le brath san áit gach aon lá, gan eisceacht, agus is binn an fhuaim ár

dteanga dúchais a chloisteáil ag spalpadh os ard nuair a shroichtear barr an staighre i bhfoirgneamh an Phroinntí. Agus níl aon ghá le cuairteoirí a thagann go dtí an seomra a bheith líofa – mar is eol do chách, is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste! D'fhéadfá a rá gur cineál ghaeltachta é atá ar leac an dorais againn agus i mo thuairimse féin, is pribhléid thar barr í a bheith abálta ár gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a cheiliúradh i suíomh chomh deas compórdach inár gcoláiste féin.

Dar liomsa gur siombail í an Seomra na Gaeilge. Siombail den ghrá atá ag cuid mhór den choláiste seo don teanga, siombail den mhuinín atá acu ar thodhchaí na teanga agus siombail den dóchas atá ag na daoine tábhachtacha i dTCD, cósúil leis an Propast féin, go leanfaidh an Ghaeilge ar aghaidh mar pháirt lárnach i saol sóisialta an choláiste. Ciallaíonn teacht an tseomra seo go bhfuil athbheóchan an Ghaeilge ar champas ag fás go breá; agus ba cheart go mbeadh gach aon duine againn a bheith fíor-bhródúil go bhfuilimid ann chun oidhreacht chomh luachmhar seo a sheoladh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile a thiocfaidh tríd áirse Choláiste na Tríonóide.



# Agony Aunt na Scéime

Catherine Bell



**Is maith liom buachaill, ach níl Gaeilge aige, an bhfuil seans ag an ngaol oibriú amach ar chor ar bith?**

A stór, nár chuala tú faoi Google Translate, riamh? Ní gá duit ach d'iPhone a thógail amach, an béarla a chur isteach agus ansin tagann an ghaeilge amach! Ceart go leor, ní bheidh an ghramadach foirfe, ach... Ar aon nós, cén fáth nach bhfuil gaeilge aige? Nach bhfuil a dhóthain roghanna agat idir na buachaillí alainne atá ar an scéim?

**Gaeilgeoir mé ó bhí mé cúig bliana déag, ach níl a fhios ag mo thuistí. Cén chaoi arbh fhéidir liom teacht amach chucu?**

Creid é nó ná creid é, bíonn an fhadhb san ag mórán daoine. Tabharfaidh mé an chomhairle chéanna duitse a thugaimse do chách: athraigh rudaí beaga, ar dtús. Bígí ag léamh "Tuathal" nó d'irisleabhar is fearr, irisleabhar na scéime, ag am bricfeasta; cuir "le gach dea-ghuí" ag deireadh do chuid ríomhphost agus do chuid téacsanna; agus ansin, nuair a bheidh níos mó muiníne agat, is feidir leat píosa beag Gaeilge rá ó am go ham. Ullmhóidh na nodanna sin do thuistí don nuacht mhór, agus ní bheidh ionadh orthu, ar chor ar bith, nuair a thiocfaidh tú amach mar ghaeilgeoir ar oíche alumni na scéime. Ná bí buartha, beidh tú togha.

**Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge, ach nílím ábalta dul go dtí an Conradh ar feadh na hoíche ach trí uair gach mí. An bhfuil aon bhealach eile gur féidir liom í a fheabhsú?**

Níl. Tá sé ar eolas ag gach duine gurb an Conradh an t-aon áit amhain ina bhfuil tú in ann do chuid Gaeilge a feabhsú. Feabhsaíonn Gaeilge gach duine tar éis cúpla pionta.



**Lucht Scéim Chónaithe an Champais**





*Lucht Scéim Chónaithe Dhartraí*